Díolachán Alcóil

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi dhíolachán alcóil sa tír. Déan féin agus an duine in aice leat iarracht an leagan Gaeilge a fháil do na focail/na téarmaí seo thíos.

new figures show _____

Income Commissioners _____

despite _____

it is proposed _____

legislation _____

supermarkets _____

off-licences _____

increasing _____

the reason for it _____

licence _____

sales _____

control _____

to curb/restrict _____

Iarr ar an teagascóir cuidiú libh focal ar bith nach bhfuil ar eolas agaibh a fháil.

Ceist 2 Féach ar an tuairisc anois agus scríobh i gcúpla abairt cad é ábhar na míre. Labhair leis an duine in aice leat le feiceáil cad a scríobh sé/sí. Bain úsáid as na focail thuas le cuidiú leat.

Ceist 3 Anois féach ar an tuairisc don dara huair agus déan iarracht freagraí na gceisteanna seo a aimsiú. Ansin, pléigh na freagraí leis an duine in aice leat.

1. Cad a léiríonn figiúirí nua a d'fhoilsigh na Coimisinéirí Ioncaim?
2. Cén tuairim atá ag úinéir *An Merchant* faoi dhúnadh na dtithe tábhairne sa tír?
3. Scríobh i bhfocail líon na dtithe tábhairne a dúnadh sna háiteanna seo a leanas:

Cúige Laighean: _____
An Ceantar Thiar Theas: _____
Maigh Eo: _____
Gaillimh/Tiobraid Árann: _____

4. Cad é atá beartaithe ag an Roinn Dlí agus Cirt?

Ceist 4 Féach ar na focail/na frásaí thíos. An féidir leat féin agus an duine in aice leat focail/frásaí a aimsiú a bhfuil an mhalairt bhrí acu. Tá an chéad cheann déanta duit.

go luath – go mall
a dhíol –
dúnadh –
go dona –
ag dul i méid –
anuraidh –
níos saoire –

Ceist 5 '*faoi cheann* cúpla seachtain'

(a) Cén ghné den ghramadach atá i gceist leis na focail i gcló Iodálach thuas?
(b) Ag obair leis an duine in aice leat cuirigí na focail thíos in abairtí lena mbrí a léiriú:

i gceann: _____
le haghaidh: _____
le linn: _____
ar feadh: _____
i rith: _____

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat nó le do ghrúpa:

An ólann muintir na hÉireann an iomarca, cén fáth?
Cén éifeacht a bheidh ag dúnadh na dtithe tábhairne faoin tuath ar phobal na tuaithe?
Ar cheart gan cead a thabhairt do dhaoine óga alcól a cheannach go dtí go sroicheann siad bliain agus fiche?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

new figures show	*léiríonn figiúirí nua*
Income Commissioners	*Coimisinéirí Ioncaim*
despite	*in ainneoin*
it is proposed	*Tá sé beartaithe*
legislation	*reachtaíocht*
supermarkets	*ollmhargaí*
off-licence stores	*siopaí eischeadúnais*
increasing	*ag dul i méid*
the reason for it	*is cúis leis*
licence	*ceadúnas*
sales	*díolachán*
control	*smacht*
to curb/restrict	*srian a chur ar rud*

Ceist 2

Achoimre ghairid ar an tuairisc atá i gceist anseo, seans atá ann do na foghlaimeoirí buntuiscint ghinearálta den scéal a fháil.

Ceist 3

1. Léiríonn figiúirí nua a d'fhoilsigh na Coimisinéirí Ioncaim gur mó áiteanna atá anois ann ná mar a bhí riamh le halcól a cheannach. Sin in ainneoin gur dhún sé chéad teach tábhairne ar fud na tíre le dhá bhliain anuas.
2. Ní chuireann sé aon ionadh go bhfuil tithe tábhairne á ndúnadh ar fud na tíre. Cuireann Alasdar Mac Gearailt an locht chomh maith ar chomhlachtaí móra atá ag díol deochanna ar phraghsanna ró-íseal.
3. Cúige Laighean: *céad is cúig déag*
   An ceantar Thiar Theas: *céad is seachtó dó*
   Maigh Eo: *céad is a seacht*
   Gaillimh/Tiobraid Árann: *leathchéad/caoga*
4. Tá sé beartaithe ag an Roinn Dlí agus Cirt reachtaíocht nua a fhoilsiú faoi cheann cúpla seachtain, féachaint le srian a chur ar dhíolachán dí i siopaí beaga, in ollmhargaí agus i ngaráistí.

Ceist 4

go luath – go mall
a dhíol – a cheannach
dúnadh – osclaíodh
go dona – go maith
ag dul i méid – ag dul i laghad
anuraidh – an bhliain seo chugainn
níos saoire – níos daoire

Ceist 5

(a) Réamhfhocal comhshuite atá ann, ag baint le cúrsaí ama.
(b) i gceann: *Beidh mé ag imeacht chun na Spáinne i gceann cúpla lá.*
le haghaidh: *Bhí sé i gCorcaigh le haghaidh na laethanta saoire.*
le linn: *Tharla an timpiste dom le linn dom a bhí imithe.*
ar feadh: *Tá mo dhearthair ag teacht ar cuairt ar feadh seachtaine.*
i rith: *Téim ar laethanta saoire i rith an Gheimhridh i gcónaí.*

Ceist 6
Is féidir an plé seo a dhéanamh i mbeirteanna nó i ngrúpaí má tá am ann.

Eimear Ní Chonaola
Léiríonn figiúirí nua a d'fhoilsigh na Coimisinéirí Ioncaim gur mó áiteanna atá anois ann ná mar a bhí riamh le halcól a cheannach. Sin in ainneoin gur dhún sé chéad teach tábhairne ar fud na tíre le dhá bhliain anuas. Tá sé beartaithe ag an Roinn Dlí agus Cirt reachtaíocht nua a fhoilsiú go luath le dul i ngleic leis an bhfadhb seo. Tá an scéal ag Sorcha Ní Riada.

Sorcha Ní Riada
Glactar leis *An Merchant* i mBaile Átha Cliath mar theach ceoil ach mar sin féin ní chuireann sé aon ionadh orthu sin go bhfuil tithe tábhairne á ndúnadh ar fud na tíre. Creideann siad sin gurb iad na hollmhargaí agus na siopaí eischeadúnais is cúis leis.

Alasdar Mac Gearailt, O'Shea's Merchant
Is féidir leis na 'Multi-Nationals' móra sin, is féidir leo deochanna a dhíol i bhfad Éireann níos saoire ná na tithe tábhairne traidisiúnta, mar a déarfá, mar tá cuid acu ag díol faoi chostas éigin. Is féidir leo é sin a dhéanamh.

Sorcha Ní Riada
Dúnadh breis is sé chéad tigh tábhairne le cúpla bliain anuas. Beagnach trí chéad thart faoin dteorainn, i lár tíre agus san Iarthar. Céad is a cúig déag i gCúige Laighean agus céad is seachtó dó sa cheantar thiar theas. Bhí Maigh Eo buailte go dona le céad is a seacht tigh tábhairne dúnta ansin agus Gaillimh agus Tiobraid Árann go holc leis le breis is leath chéad dúnta sa dá áit sin. Ag an am gcéanna, tá líon na gceadúnas atá á dtabhairt do shiopaí eischeadúnais ag dul i méid. Bronnadh trí chéad is fiche ceadúnas breise orthu sin anuraidh. Ar a laghad áfach, tá smacht ar dhíolachán dí iontu san. Tá sé beartaithe ag an Roinn Dlí agus Cirt reachtaíocht nua a fhoilsiú faoi cheann cúpla seachtain, féachaint le srian a chur ar dhíolachán dí i siopaí beaga, in ollmhargaí agus i ngaráistí.

Sorcha Ní Riada, Nuacht TG4, Baile Átha Cliath